

# SCÉAL ÚR

IRIS GHAELTACHT BHEAL FEIRSTE

A Luach - Real  
Iml. 1. Uimh. 17.

Lugh. 20, 1966.

Arna fhoilsiú ag: FOLLUS,  
11 Sráid Cawnpore, Béal  
Feirste, 13. Arna cló-  
bhualadh ag: "Donegal  
Democrat", Béal Atha Seanaigh,  
Tír Chonaill.


Cuirtear ábhar scríbhneoireachta chuig:

An tEagarthoir, FOLLUS,  
11 Sráid Cawnpore,  
Béal Feirste, 13.  
Guthán 33040.

Cuirtear ábhar fógraíochta chuig: SPASCO,  
29 Knockbraken Crescent,  
Ceathrú Aodha Dhuibh,  
Béal Feirste.  
Guthán 827720.



O. S. Mac Laoiseacht, Bainisteoir Díolacháin sa Tuaisceart, Phoenix Beer, agus Niall Ó Bléine, Aire Rialtais Aitiúla, ag iascaireacht ins na Cealla Beaga.



Brian Mac Aoidh agus a bhean, Béal Feirste, ag baint suilt as rinne i nDón na nGall.



Máire agus Bríd Nic Lochlainn, Scoil Rinne na Mainistreach, Birmingham, agus Aine Nic Dáibhis (i lár), Scoil Rinne Uí Mhaoláin, New Jersey, a bhí ag rinne ag Feis Béal Atha Seanaigh.



Fómhar na farraige á thabhairt go tír— tráiléar i guan na gCealla Beaga.

# GLORNA h-ALBA

## FAILEADH AN FHRAOICH 'S NAN GEUG

Cha'n eil an seo ach sgáilean Mu thighean 's mu gharaidhean; 's mu bhúithean; gleadhraich cabhsair, cha'n ann mar 'tha tír an fheoir a muigh anns a' ghréin.

Tha 'n sin driúchd bláthmhor; frasan taisceachaidh a' phóir; greimich ris an fhallaineachd th' ann seach cruas nan leacan cómhnard; fo bhrógan úr liomhtha; smúid a' tuiteam cha'n ann o bharr beinn, ach o mhullach nan tighean. Thoir dhomh-sa fáileadh an fhraoich 's nan geug.

## FAS NA GEODHA

Mi 'g amharc bho mhullach na creige air gorm raoin fodham, bho folpanaich 's flodraich ri fás na geodha.

Na h-eoin a' cuibhleadh os a chionn, uighean air na stacan, farum an fhalamhachd, sloisreadh gun sgur; uaigneas air luighe air taobh fuairidh nan stac; Mac Talla ann an sin a' fantuinn gun sgios.

## CAOCH IS MIRE

Caoch is mire ann an grinneas na h-óige; togail a cridhe gu sineadh, gu cólas; cho luath ris a' mhinean gu iomadain bróin oirre an cóir a chéil'.

Caoch oirre a' ruagail gun gruaman na iómhail; a' ruith air a' bhuailidh gu suaicr mar is cóir dhaibh; gach creutair 's an uair seo cho fuasgailte beóthail an cóir a chéil'.

## AN DALL

Bha e bualadh a bhat' air an lár; ann an saoghal dorch, ann an cruthachadh caochlaideach mu cuairt air 's gun e 'na ní dha's e fad o shaorsa na léirsinn;

Sólas na faicinn e cluinntinn mu ní nach fhaic 's nach fhaca 's nach fhaic gu brách. Cha'n fhaic e dealbh cruthachaidh an daoine a chaidh; ann an tír nam beó am math dha bhi beó no nach math? cha aithne dhomh, tha fios aige-san air; coslas sìth air a ghnúis dh'aindeoin anradh an doille.

Dé na dealbhannan a bios tighinn gu chuimhne? A b'fhearr dha nach do rugadh riamh e? Dé their e? Tha 'm bata bualadh 's a' bualadh, chí cach e, dé ní sin dha-san?

Tha e cumail suas ri balla e nis a' bualadh an fháile. Broinean! fhuair e dhachaidh.

## Cursai Luithchleasa Gael

CIARÁN MAC CARRAIN

AN DÚN SA CHLUICHE CEANNAIS SHÓISIR

Buaileadh Gaillimh, a bhain an Chraobh anuraidh, ag Iúr Cinn Trá Dé Domhnaigh seo caite nuair a fuair an Dún a mbua le 10 gcúilíní in éadan 1-4, agus seacht gcinn dena cúilíní sin ó shaorchiceanna. Ní rabh mórán aca-pheile le feiceáil sa chluiche seo, agus mura mbeadh an scór comh cothrom a's bhi, rith an chluiche, tá mé cinnte go mbeadh an chuid is mó den scaifte giota fada ar an bhealach 'na bhaile sula rabh an cluiche leath-thart. Thuill an Dún an bua cionn's gur imir siad mar bheadh foireann ann; ach níl sin ag rá gur foireann mhaith iad. Cé nach bhfuil siad ró-mhaith, dar liom go scoithfidh siad Corcaigh sa chluiche ceannais, mar chonnaic mé iad-seo ag imirt agus foireann olc atá ionntu. Agus leis an fhírinne a rá, is annamh a thig le duine cluiche maith peile a fheiceáil sa ghrád seo, agus 'sé mo bharúil gur cur amú ama agus airgid an comórtas seo. Bheadh sé i bhfad níos fearr agus níos suimiúla da mbeadh craobh-chomórtas oifigiúil ann do na club-anna; agus dheanadh sé a lán maithe don chluiche. Níl mé ag rá nar cheart don chomórtas iomána sa ghrád seo a bheith ann ach oir-ead, mar ní thioctadh leis na con-taethe atá 'lag' san iomáin imirt ar chor ar bith sa chás sin; ach tá an caighdean peile cothrom go leor ar fud na tíre agus ní thig liom fáth maith a fheiceáil dó.

AN DÚN v. ATH CLIATH

Bhí cluiche níos fearr ann nuair a d'imir na peileadóirí sinsir in éad-án Áth Cliath mar chleachtadh don chluiche leath-cheannais Dé Domh-naigh seo chugainn ag Páirc an Chrócaigh. Bhí bua maith acu, le 4-7 in éadan 2-7, agus d'imir Pá-d-raig Ó hAgáin, abhí mar lán-tosaí ag an Dún nuair a bhain siad an

Chraobh i 1961. go h-an-mhaith san ionad chéanna; agus beidh sé ag imirt mar lán-tosaí anois nuair a bheir siad agaidh ar an Mhí.

LÁ MÓR DO GHAEIL AN DÚIN

Tá mé ag déanamh go mbeidh scaifte mór ann ó Chúige Uladh nuair a imríonn an Dún ins na cluichi leath-cheannais—sinsir agus mionúir—i bPáirc an Chrócaigh Dé Domhnaigh seo chugainn. Ba chóir go mbainfeadh siad an cluiche mionúir—in éadan Laoise—nó dar liom go bhfuil foireann ar dóigh ag an Dún sa ghrád seo; ach beidh comhrac níos deacra ag an fhoireann sinsir. Níor thaispeain siad i gcluiche cheannais Uladh go rabh siad in innimh an Chraobh a bhuachaint, agus má éiríonn leo sa chluiche seo ní bheidh ach cupla cúilín le sparáil acu. Tá foireann mhaith ghasta ag an Mhí, agus tá siad ag súil le Craobh na hÉireann a bhaint i mbliana. Tá mé ag déan-amh go mbeidh cluiche maith ann, agus tá súil agam nach mbeidh sé cosúil leis an 'Fiasco' abhí againn nuair a d'imir in éadan Dhún na nGall.

AONTRAIM v. LOCH GARMAN

Beidh iománaithe Aontrama sa chluiche leath-cheannais don triú uair i mbliana nuair a bheir siad aghaidh ar Loch Garman sa chomórtas 'faoi bhliain a's fiche,' i bPáirc Mhic Easmann Dé Domh-naigh seo chugainn. Buaileadh na h-iománaithe mionúir Dé Domh-naigh seo thart go furasta i gCor-caigh, agus dar liom nach bhfuil mórán seans ag an Chontae sa ghrád seo ach oiread—tá ceathrar nó cúigear imreoir sinsir ag Loch Garman agus is annamh nach mbíonn foireann mhaith acu sa ghrád seo. Bheadh athas an domh-ain orm dá dtiocfauh le hAontraim an bua a fháil—ach iontas an domh-ain a bheadh orm fosta.

## IASCAIGH AN SCALPAIGH

(Le

DOMHNALL R. MOIREASDAN)

2. IASGACH NAN GIOMACH

Gun teagamh, chan eil iasgach a' sgadain ann an tlachd nan gilleán oga mar a bha e, 's dócha, an car, tha mórán de ar gilleán oga a' toirt an agaidh air na 'bailtean mora mu dheas—Glaschu 's Lunnainn, 's gu seóladh anns na bataichean marsan-tachd. Chan eil idir iasgach nan giomach a tha a' claonadh 's an ábhaist. Is e aon eithear an diugh a tha ri iasgach nan giomach anns an eilean. 'S ann anns a' Gheamh-radh mar is trice a thatar ag iasgach nan giomach, b'ann riamh, ach ris an iasgach—sgadain, a Shamhradh 's a Gheamhradh. Bha uair anns an eilean bha daoine ri iasgach a' Ghiomaigh gu math traing. 'S e eithrichean rámh 's siúil a bhíodh aig na iasgairean an Scalpaigh anns a' chiad ám air son a leithid seo a dh'iasgach, eithrichean o ochd troighean diag a dh'fhaid gu ceith-ear troighean fichead. Bhíodh na iasgairean a' togail áiridhean gu bhí cuir seachad a' Gheamhradh anna

nan áite fuirich 'n uair bhíodh iad ri iasgach nan giomach; a' cur nan eithrichean air acraichean beagan shlatan bho thír 's iad fhéin a' dol a ghabhail cómhnuidh dhá na air-ighean. Bha seo ann an áitean iom-allach—an eileanan fásaicht iomallach. Bhithte 'reic nan giomach anns na eileanan fhéin air uaireannan ri ceannaichean, uaireannan dha cuir a Lunnainn ann am bocsaichean fiodha gu "Billingsgate".

(Ar lean.)

## IAR-CHOIPEANNA

SEO an chéad-choip de "Scéal Úr" a cheannaigh tú ariamh? Tá an páipéar seo ag teacht amach ó thúis Mhí Feabhra. Féadaidh tú na h-iar-choip-eanna uilig a fháil ar 6d. an ceann ach scríobh chuig FOL-LUS á n-iarraidh.

## Na Bac Le h-Airgead !

(Nil Feidhm Leis a Thuille)

SEO THÍOS AN DARA CUID DE THRÁCHTAS A SCRÍOBH ART DE CREAG.

LE h-imeacht na mblianta tá na h-údarais i ndiaidh éirí cleach-taithe leis, idir lucht busanna agus bóthar iarainn, idir póilíní agus lucht na gcúirteanna, agus dá thair-bhe sin ní chuirtear crua air a thuille. Sé sin le rá, ní bhíonn sé i dtrioblóid muna mbíonn fíor-mhí-ádh air . . . abair. mar shampla, go dtáinig ar shalaibh a chéile d'aon lá amháin, nua-stiúrthóir bus a ní gearán le cigire ró-scrúpallach nó ró-ghnóitheach, a bheir péas neamh-thuigseanach san áireamh, sa dóigh a's go mbíonn deire scéil ann i gcúirt a bhfuil breitheamh ann agus fíor-dhroch-fhonn air . . . Ó am go chéile fineáltar é sa dóigh sin, gearrtar roint punt air, ach de ghnáth seasann a lucht comhbhaí agus a cháirde dó.

Creidim gur fhulaing sé seal beag príosúntachta uair amháin ar a laghad agus tá cupla "suspended sentences" i gceist comh maith. Nuair a gearradh príosúntacht air bhí daoine a rá go rabh an locht air féin, go rabh olc ag an bhreitheamh dó cionns gur mhaigh sé as go rabh níos mó taistil a dhéanamh aige ó bhí éirthe as díol táillí aige, ná mar ba ghnáth leis ins na laethanta sin a mbíodh sé ag taisteal ar an ghnáth-mhodh.

Aithníonn lucht na gcóras iom-pair nach ionann é agus an spriún-laitheoir a bíos ag coigilt na bpigh-neach, agus nuair a bíos acu le bheith ag cur crua air, deir siad, mar bhéadh siad ag gabháil leith-scéal leis: "Níl muidinne ach ag déanamh ar gcuid oibre." "Sin ar-góint an chrochadóir!" a deir sé leis sin, "An crochadóir thusa?" Agus bheir sé léachtaí dófa ansin fá fhealsúnacht agus fá shaoirse, a rá gurb é dualgas an uile-shaoránaigh stáit cuidiú le réim na saoirse a leathnú agus chan a shaolú lena linn féin, agus seasamh le aonduine a mbíonn iarracht ar siúl aige le lim-istír amháin de réim na beatha a réiteach ó chur isteach neamh-riach-tanach ar imeachtaí daoine. Muna mbíodh cuntas na bpighneach ar siúl ag stiúrthóirí bus, ní bhéadh a oiread céanna taismí orthu agus a bíos, béidir súil níos fearr a choin-neált ar mhná agus ar pháistí agus sean daoine, lámh chuidithe a thabhairt don té a mbéadh ana-bheartán á iompar aige agus dá réir sin.

Ní seo Cothromh na Féinne, a deir tú. Béidir go bhfuil an fear seo ag déanamh a gcuid oibre níos deac-ra ag lucht stiúrtha bus agus oifig-igh na mbóthar iarainn . . . béidir. Ach níl aige ach an fhírinne nuair a deir sé nár tugadh athru chun feabhais ariamh i gcaighdeán beatha nó dálaí maireachtála gan a leith-éid a bheith ag crá duine éigin.

Gach éagóir agus gach amaidí de chuid an tsaol seo ina bhfuilimid gaibhte, ní thioctadh leanstain dó gan na mílte de dhaoine stuama ionraice coinsiasacha a bheith ann fá choinne a fheidhmiú agus a bhuanú.

Ach, ní éagóir millteanach ar dhuine ar bith go gcaithfidh sé cupla pighinn a bheith i dtólamh aige leis an táille táistil a íoc.

Nach ea? An páistí sinn, go gcaithfidh muid a bheith ag súgradh leis na giotaí beaga miotail agus airgid ar feadh ár laethe? An féil-iúnaithe daortha muid go léir go gcaithfidh muid comhartha éigin a iompar inár bpócaí lena chruthú go bhfuil cead faighte againn chun a bheith amuigh ar na sráideanna ar chor ar bith? An coimhthigh sinn inár dtír féin go gcaithfidh muid cáin spéisialta ar leith a íoc gach uair a nímid taisteal ins na gléas-anna iompair a chruthaigh agus a cheap ár muintir féin fánar gcoinne féin? An treabh allta sinn gan oid-eachas nó síbhialtacht a chaitheas na suaitheantaisí seo a choinneált linn chun deamhain agus gach cin-eál mí-ádh a ruagairt? Ceist gan tabhacht?

(Ar lean.)

## Ga Fhad o Baineadh Do Mhi-Apaidh?

BÉIDIR le tamall anuas gur mhothaigh tú litreacha an L.F.M. ar an "Irish Independent" ag éirí níos laige, agus nach rabh faill agat do rias-tradh laethúil a chur díot. Féach seo a tháinig chugainn ó Innse Gall.

Éireannach a bhí bréan de ramhallaigh lucht Gaeilge agus frith-Ghaeilge, a chuaigh ar chuairt a dh'Eilean Leodh's. An chéad lá dó thall, thóg sé cóip de "Stornaway Gazette," "Glór nan Eileanan An Iar," agus léigh sé an litir seo, dár teideal— "An e ablach de Gháidhlig Eirionnach a tha anns a' Gháidhlig againne." Seo leanas an litir.

"Sir,

There is no bore like a Gaelic bore. I am letting off steam having been told for the 3,857th time that I, Stornaway born, should be ashamed that I do not speak Gaelic. I'm not. I was never taught it.

As always, the direction to penance was followed by the accusation: 'You're too proud to speak it.'

Too proud? Is Gaelic considered a mark of inferiority among the rude peasants who mouth its hideous syllables? If not it should be.

It's a vile-sounding, coarse-accented, brutishly-modulated, grotesque-spelt, ill - begotten catophony of croaking gibberish.

When sung "in the traditional manner" or in psalms, only a sick stirk can compare for bawling horror, though it's a terrible thing to say of any stirk.

Gaelic fanatics are a public nuisance and if they persist in proselytising this crude Irish import they should be gaoled; in sound-proof cells.

There, I feel better now.

Yours etc.,

D. M.

Stornaway. P.S. Gaelic was never Scot-land's language."

Caidé do bharúil air sin, anois?

# LEATHANACH NA mBAN

## Aire do Eadaí : Dichur Machaileacha

Pé acu amuigh ar picnic dúinn, nó ar an tráigh nó fiú sa teach dúinn, bheirtear droch-íde dar gcuid éadaí go minic. Ach má bhímid críonna, ní cóir go mbeadh machaileacha buana orthu de bharr na dtimpistí agus na dtuailisí uilig. Seo focal teorach a chuideochas linn cuid dena smála is coitianta a dhí-chur.

An phríomhriail ins na cúrsaí seo, dhul i ngleic leis na machaileacha gan mhoill. Má ligtear leo rófhada, siocfaidh siad isteach san uige agus beidh a ndí-birt cuid mhaith níos deacra.

Ba cheart cupla scríosaire smál a choinneáil fá fhad láimhe in aghaidh uair na práinne. Is féidir iad seo a cheannacht i méideanna beaga on phoitéigeara gan mórán airgid a chaitheamh. Seo thíos roinnt acu:

Béinsín  
Gliosairín  
Sárocáid Hidrigine  
Biotáilte Mheitle.

Caithfear na rudaí seo uilig a choinneáil as bealach na bpáistí, ar ndóighe. Bí cúramach i gcónaí a's tú dá n-úsáid agus cloí go docht le h-aon treoir-oideas a thugtar. Tá cuid acu inlasta, agus bheir cuid acu gas uathu. Ar an ábhar sin, is éigin an obair a dhéanamh i seomra atá aeraithe go maith, agus gan toitíní a chaitheamh lena linn.

### (1) Deochanna Meisce (Beoir, fíon, biotáilte)

Nigh na h-éadaí ar an ghnáth-dhóigh. Má's buan do na smála, dean spóinseáil le biotáilte mheitle agus sruthlaigh in uisce ghlan.

### (2) Peann Biro

Cuir an chuid shalach den éadach ar cheap shúiteach (dheanfadh sean-tuaille cúis go seoigh). Cuimil annsin e le ceirt bhog atá arna maothú le biotáilte mheitle. I gcás Tricel, úsáid Béinsín in áit biotáilte mheitle.

### (3) Fuil

Cuir (éadaí in-nite) ar maothas comh luath agus is féidir i dtuaslagán a bhfuil lán taespanóige amháin de shalann agus lán spanóg boird amháin d'amóinín ann in aghaidh gach pionta d'uisce fhuar. Nigh ar an ghnáth-dhóigh. Má's ar chadás bhán nó ar línéadach atá na smála, cuir ar maothas in uisce fhuar iad ina bhfuil lán uibheagáin amháin de thuarachán tí ann in aghaidh gach galún uisce. Sruthlaigh go maith. Tom éadaí níos lú nó teirilín in uisce fhuar go cionn uair a' chloig agus annsin tabhair bog-chuimilt do áit na machaile le galúnach. Sruthlaigh agus nigh mar is gnáthach.

### (4) Im, uachtar, buíoc

Úsáid cubhar púdarghallúnai ar éadaí in-nite. I gcás éadaí do-nite, cuir ceap súiteach faoi áit na machaile agus dáil Thawpit air le ceap súiteach eile. Tosaigh ar imeall na machaile agus oibrigh isteach. Má's ball éadaí é a caitheadh roinnt uair cheana, is féidir go bhfágfadh an seift seo 'fáinne glantachta' air. Sa chás seo, caithfear dhul i muinín siopa tirimghlantóireachta chun a 'úrchrot' a thabhairt arais dó.

### (5) Seacláid

Scríob—agus nigh ar an ghnáth-dhóigh. I gcás smála troma ar éad-

aí do-nite, scríob oiread agus is féidir i dtús, dáil Thawpit annsin, agus sa deireadh uisce fuar.

### (6) Caifé

Spóinseáil éadaí in-nite comh luath a's is féidir. (Do-nite). Cuimil gliosairín go réidh isteach sa smál. Fág go cionn uaire. Spóinseáil le glanchubhar the púdarghallúnai. Sruthlaigh, agus triomaigh le tréan cuimilte. I gcás machaileacha atá seanbhunaithe, nó righin (ar éadaí in-nite), cuimil gliosairín isteach sa smál agus nigh.

### (7) Uibh

Fág éadaí in-nite ar feadh leath-uaire i dtuaslagán salainn—lán taespanóige amháin in aghaidh an phionta d'uisce fhuar. Nigh annsin iad mar is gnáthach, da mbeiriú má's féidir. I gcás éadaí olna, cuimil iad le ceirt fháiscthe abhí tamall i dtuaslagán salainn. Spóinseáil annsin le cubhar bogthe púdarghallúnai.

### (8) Torthaí (silíní, péitseoga, plumáí, piorraí)

Nigh nó spóinseáil an mhacháil le h-uisce fuar; annsin oibrigh beagán gliosairín isteach sa mhacháil agus fág thar oíche, má's féidir. Annsin nigh mar is gnáthach nó spóinseáil le h-uisce te.

### (9) Uachtar Reoite

Nigh comh luath agus is féidir. Má bhíonn an smál calcaithe, spóinseáil le Thawpit agus nigh.

### (10) Loláí Reoite

Nigh comh luath agus is féidir. Má's buan don smál, dóirt uisce galach air. (Spréigh amach cuid na machaile den éadach os cionn báisín agus dóirt uisce galach an chitil díreach air).

### (11) Allus

Is féidir éadaí bana a nigh in uisce ina bhfuil méidín gnáthshóide níocháin. Má fhágtar smála buí dá dheasca seo, thig iad a thuarú le sárocáid hidrigine. I gcás éadaí daite, ba chóir iad a spóinseáil le h-uiscealach amóinín.

### (12) Sáile

Seuab an salann scaoilte den éadach nuair atá sé triomaithe. Spóinseáil le h-uisce bhogthe go dtí go leaitear fuilleach an tsalainn.

### (13) Tae

Nigh mar is gnáthach. Má's buan don smál, cuimil roinnt gliosairín isteach lena dhéanamh bog. Fág go cionn cheathrú uaire; annsin nigh nó spóinseáil le cubhar púdarghallúnai.

## LEANBH UR

**DIA** Domhnaigh, an 7ú lá den mhí, rugadh níon do Bhríd, bean Shéamuis Mhic Sheáin. Nuala is ainm di. Ba mhaith linn combháirdeas a dhéanamh lena h-athair agus lena máthair, agus guímid bean-nacht Dé ar an pháiste.

## Nuair a Smaointim Air

(Le LIAM MAC REACHTAIN)

**C**HAITH mé treimhse uair amháin san tseanChornuall, seal seachtaine a thug pléisiúir ar dóigh domh. Ar a bheith ann domh, gheall mé domh fhéin nach rachfadh sealán thart fán domhan go dtí go siubhlainn na tíortha Ceilteacha uile, rud a rinne mé, ach tiocfaidh sin ina sheal fhéin. Is leor a rá gurb í an Bhreatain Bheag an chéad tír Cheilteach ar fhág mé cos uirthi, ach, go firinneach, caithfidh mé a aidmheáil anois, nuair a smaointim air, gur beag taoghas a thug mé don Bhreatain Bheag an uair údai.

Sí ba chúis le mé éirí beagmhisniúil, go dtug mé ruaig ar an chaisleán i gCaer n Arfon, an chaisleán a gcaithfidh comharba Eilise a Dó a dhul fána fhrithcheacha le go ndéanfar Prionsa na Breataine Bige do amach anseo, an foirgneamh is gruama agus is úirislí ar fuaid na tíre Ceiltí sin, an chaisleán maorga údai atá ann mar comhartha géillsine na mBreatnach. Níor shiúil mé an Bhreatain Bheag mar a rinne Seosamh Mac Grianna, ach, theich mé aniar caolas Menapii comh tiubh agus a bheirfeadh an tancaer ola mé. Ní thug mé cuairt ar an ionad, a maoitear as, gur rugadh Pádraig Mac Alprainn ann. Agus treán is uile is bhí mo shamhláocht, ní fhéadfainn na sloite de lucht áiseirí na Breataine Bige a shamháil agus iad ag uailfeartaí in ard a gcinn is a ngotha.

'Laochra Harlech ins an lagán, Clointear torman gleo is tuar-gán ...'

Dar liom gur chiallaigh an radh-

## DALUS

63, Cliftonpark Ave.,

Béal Feirste, 14.

Guthan: 33040.

A Chara,

"Dá mbeadh an Ghaeltacht slán, bheifea ag déanamh do chuid gnóithe tré Ghaeilg."

Tá muid cinnte go n-aontóchaidh tú leis an mhéid sin! Ach cuir an abairt druim arais, agus tá sé comh fíor ceann.

"Má bhíonn TUSA ag déanamh do chuid gnóithe tré Ghaeilg, TÁ an Ghaeltacht slán!"

Is cinnte go bhfuil tú ag tnúth le fada leis an seans chun sin a dhéanamh—agus seo chugat aimear ar dóigh, aimear a thioctas fhad le doras do thoighe féin.

Le tamall anuas tá gluais-teán DALUS ag dul thart ag seachadadh earraí Grosaera, &rl., agus aon earraí eile a iantar. Béidh áthas ar DALUS do ainm-se a chur ar an liosta agus theacht chugat gach seachtain le cibé rud a iarrann tú.

Beir beannacht,  
Gearóid Mac Cumhaill,  
th/ch DALUS.

arc a fuair mé ar an chaisleán dúr údai i gCaer n Arfon, go raibh an Bhreatain Bheag siothlaithe siar in íochtar dhuibheagan an eadócháis, íochtar a bhí comh domhan sin nach mbeadh sí ar son éirí as a choíche.

Is fíor go raibh a fhios agam Plaid Cymru a bheith ann. Is fíor gurbh eol domh cuifeallán aintoiseach a bheith i Sir Montgomery fá thús an Chogaigh Domhna, cuifeallán a thug iarracht aerphaircean-na a dhó, dalta mar a thug I.R.A.'s againn iarracht droichead Hammersmith a shiabadh san aer i dtratha an ama chéanna. Ba thuatach, ar ndóigh, iarrachtaí an da dhroing, ach, m'fhocal daoibh gur bheir eachtraí na míleatánach san Bhreatain Bhig greim docht ar m'aigne, mar, abradh daoine eile a rogha rud fá easpa ceille a bheith orm, bhí mé an trath sin tógtha go mór leis an éigniocht agus leis an láimh laidir, go mórmhór nuair a bhí cuid díobh súid go mór fá thionchur Saunders Lewis, file, dramadóir agus scoilire clúiteach. Ó shoin i leith, thugadh corr sciontachán fogha faoi fhoirgnimh Shasana, ach, is ar thaoibh an chultuir is mó a chlóigh bunas lucht Plaid Cymru, a bhfuirmhór den tuairim go gcaillfí an Bhreatain Bheag da gcailleadh sí a teanga dúchais arsa.

Agus ins na bailte beaga, sna bailte móra, sna cearta bhailte agus ins na sráid-bhailte, chothaigh baill Phlaid Chymru grá don teanga dúchais ameach na mBreatnach. Throid siad toghachán indhíaidh an toghacháin eile, agus gí gur chruinnigh siad neart agus tréis, ní raibh siad in ann aon bhua shonndasach a fhail. Ní raibh, go dtí go dtainig Gwynfor Evans an treo. Ní ghá rá atáim, gurbh é Gwynfor Evans a chuir an dubh ina gheal do Phlaid Chymru. Bé a mbeartas fhéin polataíochta a mhill iad bliain indhíaidh na bliana eile, nó bhí sé mar chuid de dhunghaois Drong Náisiúntach na Breataine Bige (nó Plaid Cymru) teachta a roghnú a dhiúltódh a suiocháin a

ghlacadh i bParlaimint an Iarmhinistéir.

Ar an doigh seo, bhí siad ag déanamh aithrise ar mhuintir na hÉireann, ach, ár ndálta fhéin, b'fhollusach dóibh gur dunghaois fhánach aca a bheith ag cloí leis an neamhláithreachais. Céapadh polasaí eile dóibh, agus tá a thora sin le feiceail anois. Tá Gwynfor Evans ina fheisire thall de lion dhá mhíle go leith ar an iarrathánach Lucht Oibre, éacht nar chóir dúinne dearmad a dhéanamh de anseo, mar, tré bheartas ciallmhar a chur chun tosaigh, agus an teanga dúchasach a bheith fite fríd an bheartas sin, d'éirigh fá dheoidh le Plaid Cymru teachta a chur go Westminster.

Níl a fhios againn go foill cad é an dóigh a bhfeidhmneóidh an tUasal Evans. Ach, tá a fhios againn nuair a d'iarr sé go gcuirfí an mhóid dílseachta air as Breatnaís, cad é an t-aiteas agus fhuasnáid a dheanfaidh sé ar ball. Níl ann ach sampla den éifeacht atá taobh thiar de Phlaid Cymru anois, an-difraíocht ó laethannanta an chhead chogaigh dómhana. Agus, ní dóigh liom go mbeadh sé neamhóraiche agam tagairt bheag do Gerry Fitt a dhéanamh anseo. Tuigim go bhfuil an-cháil á soláthair aige dó fhéin tré mhodhanna éifeachtacha a úsáid i dTí na gCommonaí, ach, eagosúil leis an Uasal Evans, a throid a fhó-thoghacháns gan oiread agus focal Béarla a úsáid, eagosúil leis, is eachtrannach an tUasal Fitt thall. Mura mbeadh aige ach bolgaim bheaga Gaeilge, nach éifeachtúla a leireódh sé na micheartanna atá á n-imirt ag Seán Bui orainn le fada.

Ach, nuair a smaointim air, ca mhéad Teachta Dála a throid toghachán fán Deisceart gan oiread agus focal Béarla a úsáid?

An chéad uair eile a rachas mé chun na Breataine Bige, beidh athrach tuairime agam dona Breatnaigh. Ní thioctaidh caisleán Caer n Arfon idir mé agus an fhirinne mar atá sí anois. Tá Laochra Harlech arís san lagán!

## ARAIIS O'N OILEAN UR

Ba mhaith linn fearadh na fáilte na bhaile a chur roimh Bheartla Ó Foghlú agus roimh n-a chlainn. Tá seachtain ó shoin, phill siad arais ar Bhéal Feirste i ndiaidh daofa a bheith ro mbliana thall ins na Stáit, i San Diego, California.

Sular imigh sé, bhí Beartla ina bhall de "FÁL", an eagraíocht a d'fhoilsigh "DEARCADH," iris bheag a d'athraigh smaointe lucht na Gaeilge ní amháin i mBéal Feirste ach ar fud na hÉireann. 'S

do na daoine sin, cé go minic nach n-aithnítear seo, atá an chréidiúint a dhul as muid a bheith comh fada chun tosaigh anois agus atá. Ba iad a gcuid-se smaointe ar an Ghaeltacht a thug orainn a thuigbheáil caidé dó ár ndílseacht.

Tá rún ag Beartla, cibé, siopa a chur suas anseo agus fanacht go buan. Tá áthas orainn é a bheith arais, agus tá súil againn go n-éiríonn leis ina ghnóithe úr.

## SAMPLAI DE PRAGHASANNA

## DALUS

|                         |     |
|-------------------------|-----|
| IM (GOLDEN COW)         | 3/1 |
| PONAIRI (HEINZ)         | 1/2 |
| TAE (NAMBARRIE)         | 1/8 |
| SIUICHRE                | 1/4 |
| SUBH MILIS (Fruitfield) | 2/2 |

## LEATHANACH NA MION FHOGRAI

CUIDIGH LE N-AR BHFOGROIRI

GFARR ANNSEO

## Oideachas

**INSTITIÚID AN OIDEACHAIS.** Múinteoirí de gach caighdeán a dhíth fá choinne cúrsaí do leanaí agus do dhaoine fásta. Scríobh chuig: Brian O Maoil-eoin, 18, Hillhead Ave., B.F. 11.

## Togail agus Coiriu Ti

**D. P. JOHNSON,** Peinteoir agus Maisitheoir. Meastacháin in aisce. Obair shlachtmhar. — 29, Rodney Pde., B.F. 12. Guthán 614192.

**T. Ó DOMHNAILL,** 32, Sráid Thompson. Gach saghas tógáil, coiriú agus athchóiriú. Meastacháin saor in aisce. Guthán: 58010.

## Tithe Osta

**INTERNATIONAL HOTEL,** Cearnóg Dhún na nGall, Theas, Béal Feirste, 1. 54 seomraí leapa. Táillí réasúnta. Seomraí príomháideacha (slí iontu do 20 - 200 duine) i gcomhair bainseacha, céilithe, dinnearaí. Restaurant Cliúiteach. Lán-cheadúnaithe.

## Caidreamh, Tabhairni, Etc.

**AN PIKE,** gach oíche Dhiardaoin, Terry's Bar, Sráid Milford. Ceol agus cuideachta. Fáilte ar leith roimh Ghaeil.

**GARFIELD BAR,** Lr. Garfield St., Béal Feirste 1. Togha dí agus cuideachta. Fear an tí:— Pádraig Mac Mathúna.

**AN SEAN-TEACH,** príomh-áras na nGael mBéal Feirste. Cuid-eachta Ghaelach agus scoith na dí. 168, Sr. Albert. Fear a' tí: T. Slevin.

## Ceirnini, Leabharthai, &amp;rl.

**PREMIER.** Gach cineál ceirnín le fáil sa PREMIER, 63/67 Smithfield Market. Guthán 30896. Ceirníní Gael-Linn agus Gael-Fonn ina measc.

**SERRIDGE.** Fáilte romhat i siopa Serridge, 93 Sráid an Chaisleáin. Guthán 25021. Gach leabhar Gaeilge le fáil annseo.

## FOIRM ORDAITHE AR MHIONFHOGRA

## Foirm Ordaithe ar Mhionfhogra

|    |    |    |
|----|----|----|
| 1  | 2  | 3  |
| 4  | 5  | 6  |
| 7  | 8  | 9  |
| 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 |
| 16 | 17 | 18 |
| 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 |

Scríobh focal in achan spás atá a dhith, gearr amach an fhoirm agus seol í chuig

An Bainisteoir Fógraíochta,

FOLLUS,

29, Knockbracken Cres., Carryduff, BEAL FEIRSTE.

Don bhainisteoir fógraíochta:

Cuir isteach mo fhógra ..... uaire.

Seo chugat ..... in focaíocht air.

Tá/Níl Uimhir Bosca a dhith orm.

Ainm .....

Seoladh .....

## RATAI SPAS

6 ph. an focal per eagrán (6/- íosmhéid) 4 chur-isteach ar phraghas triúr.

Bocsaí: 1/6 breise (postas istoigh)

## GLAOIGH

33040

## Ceannaigh "Sceal Ur"

TÁ "SCEAL ÛR" anois á scaipeadh ar fud na cathrach. Is féidir é a cheannacht ag ceann ar bith de na tithe pobail seo leanas gach maidin Domhnaigh:—

NAOMH TREASA, NAOMH ÛNA, NAOMH EOIN, NAOMH PÓL, CLUAIN ARD, NAOMH MUIRE.

Tá sé le fáil fosta ins na siopaí seo:—

MARSHALL, 120, Sr. Dhún na nGall.

LENNON, Lána an tSéipéil.

SERRIDGE, 93, Sr. an Chaisleáin.

THE WISHING WELL, 1, Cornmarket.

GORDON, 29a, Sr. Dubhais.

McKENNA, 171, Sr. Dubhais.

KILFEATHER, 86, Br. na bhFál.

RICHARDS, 35, Sr. Cluain Ard.

MACKIN, 99, Br. na bhFál.

FAGAN, 197, Br. na bhFál.

WATERSON, 477, Br. na bhFál.

MURRAY, 79-81, Br. Andersonstown.

McCAMBRIDGE, 2a, Slemish Way.

O'NEILL, 210, Br. Andersonstown.

McERLEAN, 86, Br. an Ghleanna.

McGARRY, 77, Br. an Ghleanna.

CLARKE, 42, Br. an Ghleanna.

## SCEAL ÛR

## Iris Ghaeltacht Bheal Feirste

Féadfaidh tú an páipéar a fháil tríd an phost ar feadh bliana ar £2-0-0. Líon an fhoirm seo agus seol arais í chuig:

FOLLUS,

11, SRAID CAWNPORE,

BEAL FEIRSTE 13.

CUIR CHUGAM "SCEAL UR" AR FEADH BLIANA.

Seic/Ordú Poist istigh ar .....

AINM .....

SEOLADH .....

## Saothar agus Seirbhísi

**CEARDAITHE** a dhith. Má tá ceard nó scil agat ba mhaith linn sceal suimiúil a phlé leat. Sé do leas clarú linn. Glaoigh, scríobh, no buail isteach: EADRAS, 110, North St., Béal Feirste, 1. Guthán 33040.

**SEIRBHÍSI OIFIGE,** gearradh stionsal i dteanga ar bith, eamhnú. EADRAS, 110, North St., B. F., 1. Guthán 33040.

**LON-EARRAI.** Bheirimid do chuid earraí grósaera agus elle chun tí chugat. Cuir do ordú chuig: An Bainisteoir, DALUS, (Seirbhís slopadóireachta), 63, Cliftonpark Ave., B.F. 14, nó glaoigh 33040.

**AMHRAN** ar bith idir fhonn agus fhocall le fáil ar ribín. Tearmaí agus tuille eolais ó: An tSeirbhís Cheoil, f/ch. FOLLUS, 11, Sr. Cawnpore, B. F. 13.

**SPASCO.** B'fhéidir nach bhfuil tú tugtha don fhear ó UNCLE ach bí ag caint leis an fhear ó SPASCO ar gach gné fograíochta. IS FIU FOGRA A CHUR AR "SCEAL UR". Glaoigh 827720 nó 33040.

## Gluaistean, Taxi, Etc.

**MOLEY'S MOTORS,** 49, Cearnóg Victoria, Béal Feirste 1. Gluaistean ar fostadh. Glaoigh: 33123, go dtí an 9 p.m.

## Biotailte, Mianrai, Etc.

Guinness Gléineach .... i mBarr a Apaíochta.

McKENNA & McGINLEY Limited, Béal Feirste. Glaoigh 21514, 31704

## "SCEAL UR"

## Ratai Fograíochta Faoi Lathair

OIFIG: 110a NORTH ST., BÉAL FEIRSTE, 1.

Guthán: 33040.

Eagarthoir: SEAN MAC AINDREASA; Bainisteoir Fograíochta: D. Ó hAGAIN.

\* \* \* \*

## RATAI FOGRAIOCHTA

|                     |     |     |     |     |    |   |
|---------------------|-----|-----|-----|-----|----|---|
| MIONFHOGRA BLIANA   | ... | ... | ... | £13 | 10 | 0 |
| COL. ORLAIGH BLIANA | ... | ... | ... | £35 | 0  | 0 |
| COLUN ORLAIGH       | ... | ... | ... | £1  | 0  | 0 |
| ½ LEATHANAIGH       | ... | ... | ... | £7  | 10 | 0 |
| ½ LEATHANAIGH       | ... | ... | ... | £15 | 0  | 0 |
| ½ LEATHANAIGH       | ... | ... | ... | £25 | 0  | 0 |
| 1 LEATH. IOMLAN     | ... | ... | ... | £45 | 0  | 0 |

CHEAD LEATHANACH: 15% BREISE. LACAISTI AR SHREATHANNA.

\* \* \* \*

## SCEAL UR

\* Foilsíodh an chead eagrán de SCEAL ÛR i Mi Feabhra, 1966. Ce gur do Ghaeilgeoiri Bhéal Feirste a foilsithear e, leitear an páipéar ar fud na hÉireann agus in Albain agus tá sé a leanh ag Gaeil (Éireannacha agus Albanacha) i Sasain agus i dtíortha eile fosta.

\* Ní páipéar do Ghluaiseacht na Gaeilge ach do phobal Gaeilge e, agus ar an abhar sin ní dearcadh teoranta eagraíochta a leirítear ann.

\* Bíonn nuaíocht roghnaithe ann nach bhfuil ar fáil in irisí eile. Ní ghlacann sé áit irise ar bith eile Gaeilge agus ní aithris ar iris ar bith eile. e Cuireann sé le raon an abhar leitheoireachta a bhfuil riachtanas leis agus eileamh air imeasc phobal na Gaeilge.

\* \* \* \*

★ FOILSITHE AR AN SATHARN

★ LUACH: 6ph.

★ Foilsithe ag FOLLUS, 11, Sr. Cawnpore, Béal Feirste, 13.

Clobhuailte ag an "Donegal Democrat."